Timlin Ó Cearnaigh imithe ó TG4

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi Thimlin Ó Cearnaigh. Ag obair leis an duine in aice leat ceangal na focail ar chlé leis na focail ar dheis.

1. recognised	(a) sciuirdeanna
2. broadcaster	(b) tubaiste
3. pension	(c) ar fud na cruinne
4. trips	(d) buamáil
5. abroad	(e) rath
6. special interest	(f) craoltóir
7. flying visits	(g) aitheanta
8. world-wide	(h) suim faoi leith
9. bombing	(i) pinsean
10. disaster	(j) turais
11. the peace process	(k) thar lear
12. prosperity	(l) an próiseas síochána

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10	11	12
g											

Ceist 2 Anois éist leis an tuairisc cúpla uair agus déan iarracht na píosaí eolais sa dá cholún thíos a cheangal. Pléigh do chuid freagraí leis an duine in aice leat.

1. Tá Timlin ar dhuine de chéad seachtar	a. nuair a bunaíodh é i 1996
2. Bunaíodh Raidió na Gaeltachta	b. a thosaigh Raidió na Gaeltachta
3. Bhí suim faoi leith	c. sa Tuaisceart agus i Meiriceá
4. Thosaigh Timlin le TG4	d. aige i gcúrsaí spóirt
5. Lean sé scéalta	e. sa bhliain 1972

Ceist 3 Féach ar an tuairisc arís agus freagair na ceisteanna seo.

1. Cén fáth a bhfuil Timlin Ó Cearnaigh ag fágáil TG4?

2. Cad iad na scéalta is mó a chlúdaigh sé nuair a bhí sé le RnaG?

3. Cad iad na scéalta is mó a chlúdaigh sé nuair a bhí sé le TG4?

Ceist 4 *'craoltóir'*

Bí ag obair leis an duine in aice leat agus féachaigí ar an tslí bheatha thuas. Roghnaígí an deireadh ceart le cur leis na focail thíos le gairmeacha beatha a chruthú:

	-óir	**-eoir**
craolt-	glant-	polait-
múint-	léacht-	cuntas-
láithr-	leictr-	innealt-

An bhfuil na focail thuas firinscneach nó baininscneach?
An bhfuil brí na bhfocal thuas ar fad ar eolas agaibh

Ceist 5 '*guímid gach rath ar*. . . '

Bain úsáid as an abairt thuas agus na focail thíos le nóta simplí a scríobh ar chárta do dhuine atá ag dul amach ar pinsean:

a chara, ádh mór amach anseo rath agus bláth go deas obair leat Bain sult as . . . . am saor	_____ _____ _____ _____ _____ _____ _____ _____

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat nó le do ghrúpa:

Cé hé/hí an láithreoir is fearr leat?
Ar mhaith leat féin a bheith ag obair mar láithreoir?
Cad é do bharúil faoi láithreoirí TG4 i gcomparáid le stáisiúin teilifíse eile?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10	11	12
g	***f***	***i***	***j***	***k***	***h***	***a***	***c***	***d***	***b***	***l***	***e***

Ceist 2
1 – b
2 – e
3 – d
4 – a
5 – c

Ceist 3
1. Tá sé ag dul amach ar pinsean ó TG4.
2. Chlúdaigh Timlin an nuacht as Tír Chonaill agus nuacht an Tuaiscirt, chomh maith le turais thar lear nuair a bhí sé le RnaG.
3. Chlúdaigh sé an nuacht agus scéalta ó thuaidh chomh maith le sciuirdeanna thar lear le scéalta a chlúdach ar fud na cruinne, go háirithe Meiriceá. Ba iad na scéalta is mó ná an bhuamáil san Ómaigh agus tubaiste 9/11 i Nua Eabhrac.

Ceist 4

craoltóir	glantóir	polaiteoir
múinteoir	léachtóir	cuntasóir
láithreoir	leictreoir	innealtóir

Ceist 5
Tabhair seans do gach beirt cárta simplí a scríobh ag guí rath ar dhuine a bheadh ag fágáil a chuid oibre.

Ceist 6
Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Éimear Ní Chonaola

Agus inniu tá duine de chraoltóirí aitheanta na Gaeilge imithe ar pinsean ó TG4. Bhí Timlin Ó Cearnaigh ar dhuine den chéad seachtar a thosaigh le Raidió na Gaeltachta nuair a bunaíodh an tseirbhís sin i 1972. Chlúdaigh Timlin an nuacht as Tír Chonaill agus nuacht an Tuaiscirt, chomh maith le turais thar lear. Bhí suim faoi leith aige i gcúrsaí spóirt mar gur imir sé féin peil ag leibhéal club agus leibhéal contae.

Tháinig Timlin ag obair le TG4 nuair a bunaíodh é i 1996. Arís, chlúdaigh sé an nuacht agus scéalta ó thuaidh chomh maith le sciuirdeanna thar lear le scéalta a chlúdach ar fud na cruinne, go háirithe Meiriceá. Ba é Timlin a chlúdaigh buamáil san Ómaigh, agus ba é a chlúdaigh tubaiste 9/11 i Nua Eabhrac. Lean sé scéal an Tuaiscirt agus Próiseas na Síochána, ag tabhairt tuairiscí anseo don nuacht.

Guímid gach ráth ar Thimlin sna blianta atá amach romhainn.